Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 23 Iúil 2025**
**(OR. en)**

**11858/25**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2023/0363 (COD)**

**EF 249**
**ECOFIN 1046**
**CODEC 1060**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 18 Iúil 2025 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2025) 429 final |
| Ábhar: | TEACHTAIREACHT ÓN gCOIMISIÚN<br>CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA<br>de bhun Airteagal 294(6) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh<br>maidir leis an<br>seasamh ón gComhairle i ndáil le glacadh rialacháin ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1092/2010, (AE) Uimh. 1093/2010, (AE) Uimh. 1094/2010, (AE) Uimh. 1095/2010, (AE) Uimh. 806/2014, (AE) 2021/523 agus (AE) 2024/1620 a mhéid a bhaineann le ceanglais tuairiscithe áirithe i réimsí na seirbhísí airgeadais agus na tacaíochta infheistíochta |

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 18.7.2025
COM(2025) 429 final

2023/0363 (COD)

**TEACHTAIREACHT ÓN gCOIMISIÚN
CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA**

**de bhun Airteagal 294(6) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh**

**maidir leis an**

**seasamh ón gComhairle i ndáil le glacadh rialacháin ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1092/2010, (AE) Uimh. 1093/2010, (AE) Uimh. 1094/2010, (AE) Uimh. 1095/2010, (AE) Uimh. 806/2014, (AE) 2021/523 agus (AE) 2024/1620 a mhéid a bhaineann le ceanglais tuairiscithe áirithe i réimsí na seirbhísí airgeadais agus na tacaíochta infheistíochta**

2023/0363 (COD)

**TEACHTAIREACHT ÓN gCOIMISIÚN**
**CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA**

**de bhun Airteagal 294(6) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh**

**maidir leis an**

**seasamh ón gComhairle i ndáil le glacadh rialacháin ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1092/2010, (AE) Uimh. 1093/2010, (AE) Uimh. 1094/2010, (AE) Uimh. 1095/2010, (AE) Uimh. 806/2014, (AE) 2021/523 agus (AE) 2024/1620 a mhéid a bhaineann le ceanglais tuairiscithe áirithe i réimsí na seirbhísí airgeadais agus na tacaíochta infheistíochta**

## 1. CÚLRA

| | |
|---|---|
| An dáta a tarchuireadh an togra chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle<br>(doiciméad COM(2023) 593 final – 2023/0363 COD): | An 17 Deireadh Fómhair 2023. |
| Dáta na tuairime ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa: | An 14 Feabhra 2024. |
| Dáta an tseasaimh ó Pharlaimint na hEorpa, an chéad léamh: | An 12 Márta 2024. |
| An dáta a tarchuireadh an togra leasaithe: | neamhbhainteach. |
| An dáta a glacadh an seasamh ón gComhairle: | [An 8 Iúil 2025]. |

## 2. CUSPÓIR AN TOGRA ÓN gCOIMISIÚN

Is é is aidhm don togra seo comhroinnt faisnéise idir údaráis, agus athúsáid na faisnéise sin, a éascú, agus tuairisciú iomarcach a sheachaint ó eintitis airgeadais agus ó rannpháirtithe eile sa mhargadh airgeadais a bhfuil sé de cheangal orthu sonraí a thuairisciú d’údaráis náisiúnta éagsúla agus d’údaráis éagsúla de chuid an Aontais a dhéanann formhaoirseacht ar an gcóras airgeadais. Chomh maith leis sin, laistigh den togra céanna, molann an Coimisiún freisin minicíocht an tuairiscithe ar Chlár InvestEU a laghdú.

## 3. TRÁCHTANNA MAIDIR LEIS AN SEASAMH ÓN gCOMHAIRLE

Leis an seasamh ón gComhairle mar a glacadh é ar an gcéad léamh, léirítear go hiomlán an comhaontú polaitiúil ar tháinig Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle air an 17 Nollaig 2024. Tacaíonn an Coimisiún leis an gcomhaontú sin. Is iad seo a leanas príomhphointí an chomhaontaithe sin:

- Maidir le *raon feidhme* na hoibleagáide maidir le comhroinnt sonraí, chomhaontaigh na comhreachtóirí cumhdach a dhéanamh ar na húdaráis uile ar leibhéal an Aontais a dhéanann formhaoirseacht ar an gcóras airgeadais: na trí údarás maoirseachta Eorpacha (ÚMEnna) (i.e. an tÚdarás Baincéireachta Eorpach, an tÚdarás Eorpach um Urrúis agus Margaí, agus an tÚdarás Eorpach um Árachas agus Pinsin Cheirde), an Bord Eorpach um Riosca Sistéamach, an Bord Réitigh Aonair, an Banc Ceannais

Eorpach ina ról mar údarás inniúil le haghaidh an tSásra Maoirseachta Aonair, agus an tÚdarás um Fhrithsciúradh Airgid. Mar sin féin, d'fhág na comhreachtóirí na húdaráis inniúla náisiúnta lasmuigh de raon feidhme na hoibleagáide maidir le comhroinnt sonraí; dá bhrí sin, is ar bhonn deonach a roinnfidh siad sonraí atá sa bhreis ar an méid atá sainordaithe cheana féin i ndlí an Aontais. Is oth leis an gCoimisiún an toradh sonrach sin (féach an dearbhú ón gCoimisiún san fhoscríbhinn), toisc go laghdaíonn sé acmhainneacht an tionscnaimh chun an t-ualach a laghdú, ach glacann sé leis mar chomhréiteach.

- Maidir leis an *gcóras tuairiscithe comhtháite*, mar a chuir Parlaimint na hEorpa síos ina seasamh ar an gcéad léamh, ceanglófar leis an Rialachán ar na ÚMEnna tuarascáil a ullmhú lena leagfar amach treochlár chun córas tuairiscithe comhtháite trasearnála a chur chun feidhme, rud a chuirfidh leis an obair earnála leanúnach atá á déanamh ag na ÚMEnna. Comhaontaíodh *tuarascáil eile ó na ÚMEnna maidir le bacainní ar chomhroinnt sonraí* mar tháirge insoláthartha ar leithligh agus sholáthrófaí í i gceann 2 bhliain agus thabharfaí cothrom le dáta í ar bhonn tráthrialta, i gcás inar gá. Mar sin féin, níor fhormhuinigh na comhreachtóirí impleachtaí an chomhaontaithe sin maidir le hacmhainní, impleachtaí a leag an Coimisiún amach le linn na caibidlíochta idirinstitiúidí agus dá bhrí sin ní chuirfear aon acmhainn bhreise ar fáil don obair sin de chuid na ÚMEnna.

- Maidir le *Meabhráin Tuisceana le haghaidh comhroinnt sonraí*, chomhaontaigh na comhreachtóirí go bhféadfaidh na húdaráis Meabhrán Tuisceana a dhéanamh maidir leis na socruithe faoin gcaoi a ndéanfar faisnéis a mhalartú. Féadfaidh an Coimisiún treoirlínte neamhcheangailteacha a fhorbairt do na húdaráis, chun príomhghnéithe na Meabhrán Tuisceana sin a leagan amach.

- Maidir leis *an oibleagáid sonraí a iarraidh ar údaráis eile (an prionsabal 'tuairisciú aonuaire')*, tháinig na comhreachtóirí ar chomhaontú maidir leis an oibleagáid atá ar údaráis sonraí a iarraidh ar údaráis eile a bhfuil na sonraí sin acu cheana féin, seachas ar eintitis tuairiscithe, agus é á chur san áireamh an tráth céanna go bhféadfadh cásanna a bheith ann ina mbeadh solúbthacht ag teastáil ó údaráis chun dul go díreach chuig institiúidí airgeadais.

- Maidir le *comhroinnt sonraí le haghaidh taighde agus nuálaíochta*, cothófar leis an gcomhaontú athúsáid sonraí chun críoch taighde agus nuálaíochta, faoi réir láimhseáil iomchuí chun na sonraí a anaithnidiú agus chun faisnéis rúnda a chosaint. Mar atá sa togra ón gCoimisiún, is ar bhonn deonach a dhéanfar comhroinnt le tríú páirtithe le haghaidh taighde agus nuálaíochta, agus shonraigh na comhreachtóirí chomh maith nár cheart ábhair sonraí agus na Ballstáit a bheith inaitheanta. I gcodarsnacht leis sin, níor thángthas ar aon chomhaontú maidir le *comhroinnt sonraí leis an gCoimisiún*, rud a mhol an Coimisiún chun feabhas a chur ar a chumas measúnú a dhéanamh ar thionchair a thograí ar bhealach a chuirfeadh cosc ar eintitis aonair a shainaithint.

- A mhéid a bhaineann leis na *leasuithe atá beartaithe ar Rialachán InvestEU*, comhaontaíodh iad a choinneáil de réir an togra ón gCoimisiún.

## 4. CONCLÚID

Tacaíonn an Coimisiún le torthaí na caibidlíochta idirinstitiúidí agus, dá bhrí sin, is féidir leis glacadh leis an seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh, agus tugann sé dá aire an tráth

céanna go lagaíonn an téacs comhréitigh an acmhainneacht chun an t-ualach a laghdú i gcomparáid leis an togra ón gCoimisiún.

## 5. DEARBHUITHE ÓN gCOIMISIÚN

Thíolaic an Coimisiún ráiteas le haghaidh mhiontuairiscí Coreper II an 2 Aibreán 2025, ráiteas atá le fáil san fhoscríbhinn.

**FOSCRÍBHINN**

**Dearbhuithe ón gCoimisiún**

An ráiteas ón gCoimisiún a tíolacadh le haghaidh mhiontuairiscí Coreper II an 2 Aibreán 2025:

> *'Tá an Coimisiún an-tiomanta do laghdú ualaigh. An comhaontú ar thángthas air ag an gcruinniú tríthaobhach an 17 Nollaig, is céim thábhachtach eile é i dtreo córas ina dtuairiscítear sonraí uair amháin agus ina ndéantar iad a chomhroinnt agus a athúsáid a mhéid is féidir ina dhiaidh sin. Mar sin féin, is mór is olc leis an gCoimisiún gur lagaíodh go mór acmhainneacht an togra chun an t-ualach a laghdú tar éis an chinnidh gan údaráis inniúla náisiúnta a áireamh i raon feidhme na n-oibleagáidí comhroinnte sonraí. Is cuspóir comhroinnte é laghdú an ualaigh riaracháin, ar cuspóir é a mheabhraigh na Cinn Stáit agus Rialtais go poiblí go minic (féach conclúidí ón gComhairle Eorpach an 17 agus an 18 Aibreán 2024 maidir le hAontas na Margaí Caipitil), agus ba cheart é a bheith d'aidhm ag na hinstitiúidí uile simpliú a chur ar fáil do ghnólachtaí an Aontais. Leanfaidh an Coimisiún de bheith ag tacú leis an gcuspóir sin, lena n-áirítear déanamh amhlaidh trí chur chun feidhme leanúnach a Straitéise maidir le sonraí maoirseachta i seirbhísí airgeadais an Aontais agus tríd an obair ar thuairisciú comhtháite.*'